**Parlaimint na hEorpa**

2024-2029

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2023/0455(COD)**

23.10.2024

# ***I
# DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú
(COM(2023)0783 – C9-0447/2023 – 2023/0455(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir don tuairim: Dimitris Tsiodras

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**


DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................10

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR .........................................................................................................11

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú (COM(2023)0783 – C9-0447/2023 – 2023/0455(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0783) agus an togra leasaithe (COMxxx),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0447/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Márta 2024,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Buiséid,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A10-0000/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002
Airteagal 30

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Airteagal 30 | ‘Airteagal 30 |
| Tuairimí eolaíocha a thagann salach ar a chéile | Tuairimí eolaíocha a thagann salach ar a chéile |
| 1. Déanfaidh an tÚdarás na bearta is gá agus is iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar aon fhoinse éagsúlachta a d’fhéadfadh a bheith ann idir a thuairimí eolaíocha agus na tuairimí eolaíocha arna n-eisiúint ag comhlachtaí eile a dhéanann cúraimí comhchosúla agus chun aon fhoinse den sórt sin a shainaithint ag céim luath. | 1. Déanfaidh an tÚdarás na bearta is gá agus is iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar aon fhoinse éagsúlachta a d’fhéadfadh a bheith ann idir a thuairimí eolaíocha agus na tuairimí eolaíocha arna n-eisiúint ag comhlachtaí eile a dhéanann cúraimí comhchosúla agus chun aon fhoinse den sórt sin a shainaithint ag céim luath. |
| 2. I gcás ina sainaithneoidh an tÚdarás foinse éagsúlachta a d’fhéadfadh a bheith ann, déanfaidh sé teagmháil leis an gcomhlacht lena mbaineann chun a áirithiú go roinnfear an fhaisnéis ábhartha eolaíoch nó theicniúil uile agus chun na saincheisteanna eolaíocha nó teicniúla a d’fhéadfadh a bheith conspóideach a shainaithint. | 2. I gcás ina sainaithneoidh an tÚdarás foinse éagsúlachta a d’fhéadfadh a bheith ann, déanfaidh sé teagmháil leis an gcomhlacht lena mbaineann chun a áirithiú go roinnfear an fhaisnéis ábhartha eolaíoch nó theicniúil uile agus chun na saincheisteanna eolaíocha nó teicniúla a d’fhéadfadh a bheith conspóideach a shainaithint. |
| Rachaidh an tÚdarás agus an comhlacht lena mbaineann i gcomhar chun an éagsúlacht a réiteach**.** I gcás nach bhféadfadh an tÚdarás agus an comhlacht lena mbaineann an éagsúlacht a réiteach, tarraingeoidh siad suas tuarascáil chomhpháirteach. Beidh achoimre shoiléir sa tuarascáil ar na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha agus sainaithneofar na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí agus cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí. | Rachaidh an tÚdarás agus an comhlacht lena mbaineann i gcomhar chun an éagsúlacht a réiteach**.** I gcás nach bhféadfadh an tÚdarás agus an comhlacht lena mbaineann an éagsúlacht a réiteach, tarraingeoidh siad suas tuarascáil chomhpháirteach. Beidh achoimre shoiléir sa tuarascáil ar na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha agus sainaithneofar inti na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí agus cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí. |
| I gcás inar gníomhaireacht nó coiste eolaíoch den Aontas é an comhlacht lena mbaineann, cuirfidh an tÚdarás an tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin. | I gcás inar gníomhaireacht nó coiste eolaíoch den Aontas é an comhlacht lena mbaineann, cuirfidh an tÚdarás an tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin. |
| 3. I gcás inarb ábhartha, agus i gcás ina mbaineann an éagsúlacht le tuairimí eolaíocha easaontacha ón Údarás agus ó | 3. I gcás inarb ábhartha, agus i gcás ina mbaineann an éagsúlacht le tuairimí eolaíocha easaontacha ón Údarás agus ó |

| | |
|---|---|
| chomhlacht nó ó ghníomhaireacht eile den Aontas maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann substaint na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán togra a ullmhú le haghaidh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí agus, i gcás inarb iomchuí, teorainneacha tiúchana sonracha, M-fhachtóirí nó meastacháin ghéarthocsaineachta, nó togra le haghaidh athbhreithniú orthu sin a ullmhú de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. An tÚdarás agus an comhlacht nó an ghníomhaireacht den Aontas lena mbaineann, rachaidh sé i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán chun an togra sin a fhorbairt.'. | chomhlacht nó ó ghníomhaireacht eile den Aontas maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann substaint na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán togra a ullmhú le haghaidh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí agus, i gcás inarb iomchuí, teorainneacha tiúchana sonracha, M-fhachtóirí nó meastacháin ghéarthocsaineachta, nó togra le haghaidh athbhreithniú orthu sin a ullmhú de réir an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. An tÚdarás agus an comhlacht nó an ghníomhaireacht den Aontas lena mbaineann, rachaidh siad i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán chun an togra sin a fhorbairt.'. |
| | ***4. I gcás inar sainaithníodh éagsúlacht shubstainteach maidir le saincheisteanna eolaíocha agus inar comhlacht de chuid Ballstáit é an comhlacht i dtrácht, beidh sé d'oibleagáid ar an Údarás agus ar an gcomhlacht náisiúnta dul i gcomhar le chéile d'fhonn an éagsúlacht a réiteach nó doiciméad comhpháirteach a ullmhú lena soiléirítear na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha agus lena sainaithnítear na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí. Cuirfear an doiciméad sin ar fáil don phobal.*** |

[11] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

[11] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

| | |
|---|---|
| IO L 353 31.12.2008, lgh. 1 – 1355. | IO L 353 31.12.2008, lgh. 1 – 1355. |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá dreasacht shoiléir chun oibriú ar mhaithe le tuairimí éagsúla a réiteach fós in easnamh do na comhlachtaí uile atá rannpháirteach sa phróiseas. Athbhunaítear mír 4 (a scrios an Coimisiún sa leagan nua), chun a áirithiú go n-oibreoidh na comhlachtaí uile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas le chéile d'fhonn an éagsúlacht a réiteach nó doiciméad comhpháirteach a ullmhú lena soiléirítear na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha. Déantar foirmlithe táirgí cosanta plandaí a mhonarú nach mór i gcónaí don chómhargadh Eorpach, ní do Bhallstáit aonair. Ciallaíonn sé sin go bhfuil éagsúlacht sna tuairimí maidir le comhfhoirmligh ar fud na mBallstát ina cúis le hilroinnt an chómhargaidh, le foinsiú aonair agus le riosca don slabhra soláthair.*

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (CE) Uimh. 178/2002
Airteagal 30 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcásanna ina sainaithnítear éagsúlacht, agus ina n-iarrann an tÚdarás faisnéis bhreise ó ghníomhaireachtaí nó comhlachtaí eile de chuid an Aontais, nó ó chomhlachtaí de chuid na mBallstát, ba cheart gur leor an tréimhse faoina gceanglaítear ar na húdaráis ábhartha a n-aschur faoi seach, nó an tuarascáil chomhpháirteach dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, a ghlacadh. Tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhlacht lena mbaineann, leagfaidh an tÚdarás síos tréimhse ina soláthrófar an fhaisnéis seo agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas maidir leis an tréimhse bhreise is gá. Cuirfidh an Coimisiún an t-oibreoir gnó nó na hoibreoirí gnó lena mbaineann agus na Ballstáit ar an eolas faoin síneadh.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*A mhéid a bhaineann le nósanna imeachta chun táirgí rialáilte a údarú, tá feidhm ag spriocdhátaí dlíthiúla sonracha. Is é an deacracht a d'eascair as sin ná an dóigh is féidir freastal ar an am is gá le haghaidh comhair chun éagsúlachtaí a réiteach laistigh de na spriocdhátaí sonracha a thugtar sa reachtaíocht earnálach. Ní fhorordaítear aon tréimhse ama ná leithdháileadh ama breise chun éagsúlachtaí a réiteach faoi Airteagal 30(2). Leis an sásra atá beartaithe, tugtar am leordhóthanach chun na saincheisteanna sin a réiteach, agus tá sé bunaithe ar Airteagal 6 de Rialachán 1331/2008.*

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Measann an rapóirtéir go n-éascaíonn neartú an bhoinn eolais maidir le ceimiceáin malartú sonraí idir comhlachtaí rialála chomh maith lena gcumarsáid agus a gcomhordú i leith gníomhaíocht rialála, agus measúnú ceimiceán á chuíchóiriú, agus luathbhrath agus gníomhaíocht luath maidir le rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn á n-áirithiú.

Is díol sásaimh don rapóirtéir an togra ón gCoimisiún agus an comhchuibhiú atá beartaithe ar mheasúnuithe, ach tugann sé foláireamh go n-oibríonn gach ceann de na gníomhaireachtaí faoina sainorduithe aonair, agus nach féidir comhchuibhiú iomlán a dhéanamh gan ailíniú a dhéanamh ar na rialacháin. Measann sé go bhfuil gá le cuíchóiriú, agus go bhféadfadh comhchuibhiú sonraí feidhmiú chun leas shaoránaigh agus thionscal an Aontais.

Níor cheart gurb é an toradh a bheadh ar athshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla ná go ndéanfaí na cúraimí uile a lárú go príomha in aon ghníomhaireacht amháin (e.g. ECHA). I ndáil le measúnú guaise ar shubstaintí, bheadh sé sothuigthe go mbeadh ECHA níos rannpháirtí. Mar sin féin, ba cheart do na gníomhaireachtaí a bhfuil taithí fhairsing acu sa réimse sin cheana féin an measúnú riosca ar cheimiceáin – go háirithe i gcomhthéacs feidhmeanna sonracha nó grúpaí táirgí sonracha – a dhéanamh fós.

I gcás éagsúlacht shubstainteach maidir le saincheisteanna eolaíocha, measann an rapóirtéir gur cheart do na comhlachtaí uile a bhfuil baint acu leis an bpróiseas oibriú chun an éagsúlacht a réiteach nó doiciméad comhpháirteach a ullmhú lena soiléirítear na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sé ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

| Eintiteas agus/nó duine |
|---|
| CEFIC |
| COSMETICS EUROPE |
| EFPIA |
| SFEE (Hellenic Association of Pharmaceutical Companies) |
| BASF |
| EFEO |
| ECHA |
| L'Oréal group in Europe |
| AnimalhealthEurope |
| ClientEarth |
| European Environmental Bureau (EEB) |
| FuelsEurope |
| EFSA |
| EEA |
| EMA |
| Croplife Europe |
| DOW |
| AESPG |
| AISE |
| SMEunited |
| DUCC (Downstream Users of Chemicals Co-ordination group) |
| SEVAS (Association of the Greek Industry of Detergents and Soaps) |
| Eurometaux |
| Eurocolour |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sé Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin